



Turgnamh ar Fheachtaí Aigéin



Ar smaoinigh tú riamh ar an gcaoi a bhfoirmítear feachtaí aigéin? Cad iad na tosca a mbíonn tionchar acu ar fhoinse agus treo na bhfeachtaí agus cén fáth a bhfuil roinnt feachtaí te agus roinnt eile fuar? Sa turgnamh tapa seo, cuirfidh tú tuilleadh eolais ar shruthanna aigéin agus feicfidh tú an chaoi a bhfoirmítear iad le do dhá shúil féin!

Am le hé a shocrú: 5 nóiméad

Céard a bheidh ag teastáil uait?

1. Uisce fuar
2. Oighear
3. Uisce fiuchta
4. Dathúchán bia gorm agus dearg
5. Mias bhácála thrédhearcach



Céard atá le déanamh?

1. Ar dtús, líon an mhias bhácála thrédhearcachle le huisce fuar go mbeidh sí 1/3 lán agus cuir cúpla braon den dathúchán bia gorm

Tabhair do d'aire: *Ná cuir isteach ach cúpla braon den dathúchán bia toisc nach bhfuil tú ag iarraidh go mbeadh an gorm chomh dorcha sin nach mbeifeá in ann foirmiú an fheachta a fheiceáil.*

2. Cuir 1-2 chupán oighir leis an uisce fuar agus corraigh é. Lig dó socrú go ceann cúpla nóiméad le ligean do roinnt den oighear leá. Is é an sprioc atá againn ná uisce an-fhuar a bheith againn.
3. Agus an t-oighear á leá, fiuch thart ar 4 chupán uisce. Cuir dathúchán bia dearg leis an uisce fiuchta. Tá tú ag iarraidh go mbeadh an t-uisce seo ní ba dhorcha agus, mar sin, ná bíodh drogall ort cúpla braon eile a chur leis.
4. Nuair a bheidh an dá leacht dhaite réidh, doirt cuid den uisce fiuchta go réidh isteach i gcúinne den mhias bhácála a bhfuil an t-uisce fuar inti. Féach ar na feachtaí ag foirmiú!
5. Tá uisce fuar níos dlúithe ná uisce te agus téann sé go dtí an bun dá bharr sin. Is é a mhalairt atá fíor i gcás an uisce theo, a bhrúnn tríd an uisce fuar. Is í an ghluaiseacht sin is cúis leis na feachtaí. San aigéan, is stráicí uisce iad seo atá ag gluaiseacht níos tapa ná stráicí eile (amhail Feacht Oirthear na hAstráile nó Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh).



6. Nuair a chuirtear an t-uisce te isteach san uisce fuar, is dócha go bhfeicfidh tú roinnt guairneán freisin. Is fáinní iad guairneáin a chasann deiseal nó tuathal. Scarann siad ón bpríomhshreabhadh agus coinníonn uisce fuar nó uisce te ina lár.
7. Meascfaidh an t-uisce ar fad le chéile ar deireadh agus ní bheidh fágtha ach uisce bogthe (corcra). Tarlaíonn an rud céanna san aigéan nuair a bhuaileann dhá fheachta le chéile.
8. I gcás an aigéin, ámh, bíonn tionchar ag tosca eile, amhail an ghaoth, rothlú an Domhain, salandacht an uisce (a ghoirte atá an t-uisce) agus cruth an chósta agus an ghrinnill, ar an gcaoi a bhfoirmítear feachtaí. Bíodh spraoi agat ag cur eolas ar an gcaoi a bhfoirmítear feachtaí!

Más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn feachtaí aigéin, féach ar an bhfíseán gairid seo:

<https://www.youtube.com/watch?v=p4pWafuvdrY>

Nó léigh an t-alt seo ag an National Geographic:

<https://www.nationalgeographic.org/encyclopedia/ocean-currents/>